**Cruinniú 31: Coláiste Dhroichead Átha, Páirc Theicneolaíochta agus Ghnó Dhroichead Átha, Bóthar Dhún Uabhair**

**Dé hAoine an 15 Samhain 2024**

Tá an Comhordaitheoir Imeaglú agus Foréigean a bhaineann le Drugaí (DRIVE) tar éis tús a chur leis an bpost in oifigí FSS i nDroichead Átha, agus tús curtha acu le rannpháirtíocht le comhpháirtithe áitiúla.

Thug An Garda Síochána (AGS) nuashonrú don Bhord faoi oibríocht rathúil leanúnach An bhFaca Tú Rud Éigin? Abair Rud Éigin (See Something Say Something), agus thug siad achoimre ar phleananna i dtaca le feachtas PR agus na meán sóisialta thart ar Cuir Tuairisc Angela (Ask for Angela), roimh dheireadh na Samhna roimh shéasúr na Nollag.

Chuir an Bord fáilte roimh leithdháileadh de bhreis is €145,000 ón gCiste um Shábháilteacht Pobail chuig Tionscadal an Dorais Dheirg agus Ionad Acmhainní Teaghlaigh Connect ar fhógair an tAire Helen McEntee le déanaí. Leis an leithdháileadh do Thionscadal an Dorais Dheirg, cinnteofar go leanfar leis an obair luachmhar a dhéanann an t-oibrí Prison Links ar feadh dhá bhliain eile, agus soláthrófar tacaíochtaí do thuismitheoirí agus do theaghlaigh leis an leithdháileadh d'Ionad Acmhainní Teaghlaigh Connect.

Chuir an Doras Dearg in iúl don Bhord gur leathnaigh TUSLA an maoiniú don chleachtóir tacaíochta teaghlaigh le haghaidh 2025.

Lean AGS agus Meabhairshláinte FSS le rannpháirtíocht maidir le Gníomh 2.8 do Phlean Feidhmithe Dhroichead Átha, agus pleananna ann lá foghlama a reáchtáil go luath sa Bhliain Úr do bhaill ábhartha an AGS agus FSS.

Cheap Mol Pobail na Mónadh Móire ailtirí le déanaí leis an tionscadal a chur chun cinn chuig céim pleanála Cuid 8.

Thug Comhairle Contae Lú nuashonrú don Bhord faoi shraith beart agus gealltanas mar fhreagairt ar an gcleachtadh rannpháirtíochta pobail "Is linne an Áit seo" ("This is our Place") i Mónaidh Mhór le déanaí, ar a fhreastail oifigigh shinsearacha de chuid na comhairle, cónaitheoirí áitiúla agus polaiteoirí. Áirítear leo sin teach pobail bhreise a leithdháilfear ar Connect FRC, ocht leithdháileadh i leith tithe folmha ar leis an gcomhairle iad agus dhá cheann eile ar bun, trealamh clóis súgartha breise le suiteáil, tithe faoi úinéireacht phríobháideach atá folamh go fadtéarmach a mheasfar le haghaidh CPO agus athbhreithniú ar phleananna don Bhearna.

Thug an Bord faoi deara agus chuir an Bord fáilte roimh leithdháileadh de bhreis is €7.2m ar mhaithe le hairéine spórt a sholáthar ag Coláiste Pobail Naomh Oilibhéir, Ráth Maoláin ón gCiste d'Infreastruchtúr Spórt ar Mhórscála, in éineacht le €3.7m breise ón Roinn Oideachais.

Seolfar an tionscnamh Athrú a Spreagadh trí Spórt, ina gcuimsítear maoiniú de €200,000 in aghaidh na bliana ar feadh trí bliana, Dé Céadaoin an 20 Samhain i Staid Lourdes.

Chuir Cuideachta Phort Dhroichead Átha iarratas pleanála isteach chuig Comhairle Contae Lú maidir le pontún ar Abhainn na Bóinne.